Cúirt an Mheán Oíche

Ba ghnáth mé ag siúl le ciumhais na habann
Ar bháinseach úr is an drúcht go trom,
In aice na gcoillte, i gcoim an tslé',
Gan mhairg, gan mhoill, ar shoilse an lae.
Do ghealadh mo chroí nuair chínn Loch Gréine,
An talamh, an tír, is fíor na spéire;
Taitneamhach aoibhinn suíomh na sléibhte
Ag bagairt a gcinn tar dhroim a chéile.
Do ghealfadh an croí bheadh críon le cianta,
Caite gan bhrí, nó líonta de phianta,
An séitleach searbh gan sealbh gan saibhreas
D'fhéachfadh tamall tar bharra na gcoillte
Ar lachain 'na scuainte ar chuan gan chéo
'S an eala ar a bhfuaid 's í ag gluaiseacht leo;
Na héisc le meidhir ag éirí in airde,
Péirse im radharc go taibhseach tarrbhreac,
Dath an locha agus gorm na dtonn
Ag teacht go tolgach torannach trom.
Bhíodh éanlaith i gcrainn go meidhreach mórmhar
Is léimneach eilte i gcoillte im chóngar,
Géimreach adhairce is radharc ar shlóite,
Tréanrith gadhar is Reynard rómpu.